



An Bhruiséil, 13 Feabhra 2026
(OR. en)

6272/26

CLIMA 61
ENV 120
AGRI 112
FORETS 19
ENER 66
IND 111
COMPET 181
DELECT 28

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Feabhra 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 553 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 3.2.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí buanaistrithe carbóin a bhunú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 553 final.

Faoi iamh: C(2026) 553 final



An Bhruiséal, 3.2.2026
C(2026) 553 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 3.2.2026

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí buanaistrithe carbóin a bhunú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ar an gcéad dul síos, trí laghdú práinneach, uailmhianach agus marthanach a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT), arna bhforlónadh le haistrithe carbóin chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí iarmharacha. Le Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí¹, cruthaíodh creat deonach uile-Aontais chun na gníomhaíochtaí thuasluaite a dheimhniú. Trí chritéir cháilíochta an Aontais a leagan síos, agus trí phróisis faireacháin agus tuairiscithe a bhunú, tá sé d'aidhm ag an Rialachán próisis deimhniúcháin a chuíchóiriú. Leis sin éascófar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nuálacha aistrithe carbóin agus i réitigh inbhuanaithe feirmeoireachta carbóin araon, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an nglas-snasú, rud a rannchuideoidh le cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht.

Chun Rialachán (AE) 2024/3012 a chur chun feidhme agus critéir cháilíochta an Aontais a oibríochtú, ní mór modheolaíochtaí deimhniúcháin saincheaptha a leagan amach le haghaidh réimse leathan gníomhaíochtaí aistrithe carbóin. Leis an ngníomh tarmligthe seo, tugtar isteach na modheolaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin trí dhírghabháil agus stóráil carbóin ón aer (DGSCA), gabháil agus stóráil carbóin ó astaíochtaí bithghineacha (BithGSC) agus Aistriú Carbóin Bithghualaigh (ACBG).

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) 2024/3012 agus mír 4 den Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach², rinneadh comhairliúcháin iomchuí le linn ullmhú an ghnímh tharmligthe seo. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin um Aistrithe Carbóin sna cruinnithe a tionóladh an 25 Deireadh Fómhair 2023, an 17 Aibreán 2024, an 21 Deireadh Fómhair 2024, an 26 Márta 2025, an 10 Iúil 2025 agus an 10 Samhain 2025. Tar éis dhréachtaí an ghnímh tharmligthe a chur i láthair, bhí deis ag na saineolaithe freisin barúlacha a scríbhinn a chur isteach maidir leis an téacs, a cuireadh san áireamh go cuí.

Rinneadh na doiciméid a bhaineann leis na cruinnithe a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, mar a fhoráiltear sa Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe. Cuireadh na barúlacha a chuir an sainghrúpa in iúl san áireamh agus an gníomh tarmligthe á ullmhú.

Foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr le haghaidh tréimhse aiseolais ón 17 Iúil 2025 go dtí an 22 Meán Fómhair 2025. Le linn na tréimhse sin, fuarthas 143 aighneacht aiseolais, lena n-áirítear ó sé údarás phoiblí, 58 gcuideachta/gnólacht, 22 eagraíocht neamhrialtasacha, dhá eagraíocht chomhshaoil, 34 chomhlachas gnó, dhá cheardchumann agus seacht n-institiúid acadúla/taighde. Bhí an t-aiseolas a bhí ábhartha don dréachtghníomh tarmligthe a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí oscailte den chineál

¹ (IO L, 2024/3012, 6.12.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3012/oj>).

² An Comhaontú Idirinstiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

céanna agus áiríodh ann argóintí agus faisnéis den chineál céanna leo siúd a cuireadh i láthair sa phlé fairsing a rinneadh le linn chruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin. Mar thoradh air sin, cuimsíodh soiléirithe sa dréacht chun freastal ar na barúlacha ábhartha agus feabhas a chur ar cháilíocht an téacs.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2024/3012 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán a fhorlíonadh trí mhodheolaíochtaí deimhniúcháin a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin.

Go sonrach, ní mór na pointí seo a leanas d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3012 a léiriú sna modheolaíochtaí deimhniúcháin atá ann faoi láthair:

- (a) an cineál gníomhaíochta agus tuairisc ar na cleachtais agus ar na próisis a chumhdaítear, lena n-áirítear an tréimhse gníomhaíochta agus an tréimhse faireacháin;
- (b) rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa uile de réir bhrí Airteagal 4(1) a aithint;
- (c) rialacha maidir leis an mbonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a) a ríomh;
- (d) rialacha maidir leis na haistrithe carbóin iomlána dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (b) a ríomh;
- (e) rialacha maidir le hastaíochtaí GCT bainteacha a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (c);
- (f) rialacha maidir leis an mbonnlíne chaighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(9) a thabhairt cothrom le dáta;
- (g) rialacha chun éiginnteachtaí a chur san áireamh ar bhealach coimeádach maidir le cainníochtú buanaistrithe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(12);
- (h) rialacha maidir le faireachán agus rialacha maidir le maolú a dhéanamh ar aon riosca sainaitheanta aisiompaithe maidir leis an gcarbón stóráilte dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (a);
- (i) rialacha maidir le sásraí dliteanais iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 6(2), pointe (b), agus Airteagal 6(4), lena n-áirítear rialacha maidir leis an riosca go gclisfeadh ar an sásra dliteanais ábhartha;
- (j) rialacha maidir leis an gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 6(5) a chur chun feidhme;
- (k) rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3).

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 3.2.2026

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí buanaistrithe carbóin a bhunú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí¹, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2024/3012 bunaítear creat deonach de chuid an Aontais le haghaidh deimhniú buanaistrithe carbóin, feirmeoireachta carbóin agus stórála carbóin i dtáirgí chun tacú le baint amach chuspóirí an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide², go háirithe baint amach an chuspóra aeráidneodrachta ar bhonn comhchoiteann faoi 2050 ar a dhéanaí, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³. Chuige sin, leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/3012 critéir cháilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin maidir le cainníochtú, breisíocht, stóráil, dliteanas agus inbhuanaitheacht. Is gá na modheolaíochtaí deimhniúcháin a leagan amach faoinar féidir le hoibreoírí gníomhaíochtaí buanaistrithe carbóin a dhéantar san Aontas a léiriú go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí na critéir cháilíochta sin, agus gur féidir leis na haistrithe carbóin a ghintear leis na gníomhaíochtaí sin a bheith incháilithe do dheimhniú faoi chreat an Aontais.
- (2) Leis an athbhreithniú a rinne an Coimisiún ar mhodheolaíochtaí atá ann cheana chun buanaistrithe carbóin a dheimhniú, agus leis an obair a rinne an Grúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin ina dhiaidh sin, sainathnódh trí chineál gníomhaíochtaí buanaistrithe carbóin lenar féidir, leis an eolas eolaíoch agus leis an aibíocht theicneolaíoch, modheolaíochtaí deimhniúcháin a fhorbairt chun críoch Rialachán (AE) 2024/3012 lena n-áirithítear cainníochtú láidir agus trédhearcach ar an

¹ IO L 2024/3012, 6.12.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3012/oj>.

² Comhaontú a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a formheasadh trí bhithin Chinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1841/oj>).

³ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj>).

nglantairbhe aistrithe carbóin, is é sin dírghabháil agus stóráil carbóin ón aer ('DGSCA'), gabháil agus stóráil carbóin ó astaíochtaí bithghineacha ('BithGSC'), agus aistriú carbóin bithghualaigh ('ACBG').

- (3) Is iomchuí athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar gach gné den Rialachán seo, gach 4 bliana ar a laghad. Tá dul chun cinn agus nuálaíocht theicneolaíoch agus eolaíoch le cur san áireamh, go háirithe feabhsuithe ar fhaireachán, ar thuairisciú agus ar fhíorú, maidir le gníomhaíochtaí DGSCA, BithGSC agus ACBG agus maidir le gníomhaíochtaí buana eile aistrithe carbóin. Ní mór forbairtí i reachtaíocht an Aontais a mheas freisin, i measc nithe eile, an t-athbhreithniú ar cheanglais inbhuanaitheachta faoi Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴. Chun an taithí ar chur chun feidhme an Rialacháin sin a léiriú, tá imeachtaí le haghaidh comhroinnt eolais le heagrú chun aiseolas a bhailiú agus dea-chleachtais a chomhroinnt.
- (4) Déanann cliseadh margaidh difear do ghníomhaíochtaí DGSCA, BithCCS agus ACBG faoi láthair; is é sin le rá go soláthraítear leo tairbhí maidir le maolú ar an athrú aeráide a bhaineann le costais ach nach ngintear ioncam leordhóthanach leo dá n-oibreoirí, rud a fhágann go bhfuil bearna chistiúcháin ann⁵. Níl oibreoirí a ghabhann agus a stóráilann CO₂ bithghineach nó atmaisféarach in ann lamháiltais ná laghduithe a fháil ar a n-oibleagáidí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶. Dá bhrí sin, níl cúiseanna eacnamaíocha ann faoi láthair d'oibreoirí ghníomhaíochtaí DGSCA, BithGSC agus ACBG chun infheistíocht a dhéanamh. Is féidir an bearna chistiúcháin sin a shárú trí thacaíocht phoiblí agus trí ioncaim a ghintear trí aonaid dheimhnithe a dhíol nó trí mheascán féideartha den dá shásra cistiúcháin⁷. Maidir leis na gníomhaíochtaí sin, is iomchuí, dá bhrí sin, bonnlíne chaighdeánaithe de choibhéis CO₂ nialasach a shocrú toisc go bhfuil sé sin thar a bheith ionadaíoch ar fheidhmíocht chaighdeánach reatha na geleachtas agus na bpróiseas inchomparáide in imthosca comhchosúla sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil, teicneolaíocha agus rialála. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na rialacha maidir le breisiócht i gcás úsáid bonnlíne chaighdeánaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/3012, meastar gur gníomhaíochtaí breise iad na gníomhaíochtaí sin.
- (5) Chun buaine stóráil CO₂ a áirithiú, le gníomhaíochtaí DGSCA agus BithGSC ba cheart CO₂ a stóráil i láithreáin stórála gheolaíocha a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ lena soláthraítear an creat dliteanais maidir le haon sceitheadh CO₂. Ba cheart é a bheith indéanta le

⁴ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj>).

⁵ Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 2 Iúil 2024 maidir le Státchabhair SA.107009 (2024/N) — an tSualainn, ceant GSC bithghineach na Sualainne, C(2024) 4582 final, pointí 29 ff.

⁶ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháiltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj>).

⁷ Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 2 Iúil 2024 maidir le Státchabhair SA.107009 (2024/N) — an tSualainn, ceant GSC bithghineach na Sualainne, C(2024) 4582 final, pointe 179.

⁸ Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/31/oj>).

gníomhaíochtaí DGSCA agus BithGSC bonneagar iompair comhroinnte a úsáid agus CO₂ a sheoladh chuig roinnt láithreán stórála ina stóráiltear CO₂ ó fhoinsí iomadúla.

- (6) Táirgeann gníomhaíochtaí ACBG codán inchainníochtaithe de bhithghualach cobhsaí a mheastar a stórálfaidh carbón ar feadh roinnt céadta bliain ar a laghad agus ar féidir leis, dá bhrí sin, aonaid buanaistrithe carbóin a ghiniúint. Ba cheart faireachán a dhéanamh ar tháirgeadh agus úsáid bhithghualaigh go dtí go gcuirfear ar ithreacha é nó a ionchorpraítear i dtáirgí é le haghaidh na n-úsáidí a cheadaítear faoi mhodheolaíocht ACBG. I gcásanna nach ndearnadh maoirseacht dhíreach ar ACBG a chur ar ithreacha, ba cheart do na hoibreoirí rochtain ar an láithreán a dheonú ar feadh bliain amháin ar a laghad tar éis ACBG a chur, ionas gur féidir úsáid éifeachtach ACBG i gcomhréir leis na coinníollacha maidir le stóráil bhuan carbóin a fhíorú. I bhfianaise an riosca ísil maidir le haisiompú chodán an bhithghualaigh a sainathníodh a bheith cobhsaí, agus i bhfianaise úsáid fachtóra coimeádachais sa chainníochtú ar chodán buan an bhithghualaigh, níor cheart tuilleadh faireacháin a cheangal tar éis an phointe ag a léirítear gur cuireadh an bhithghualach ar an talamh nó gur ionchorpraíodh i dtáirge é.
- (7) Ionas nach ndéanfar gabháil CO₂ a dhídhreasú, níor cheart do na ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh bithmhaise a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le gníomhaíochtaí BithGSC dul thar na ceanglais is infheidhme maidir le bithmhais a chuirtear i bhfeidhm maidir le suiteálacha bithfhuinnimh nach ngabhann CO₂. Is iomchuí a mheabhrú, i gcás tacaíocht phoiblí ó na Ballstáit, gur gá d'oibreoirí prionsabal na húsáide cascáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 3(3) de Threoir 2018/2001 agus arna chur chun feidhme ag na Ballstáit.
- (8) Chun éiceachórais, bithéagsúlacht agus linnte carbóin nádúrtha a chaomhnú, níor cheart a chruthú le gníomhaíochtaí BithGSC agus ACBG éileamh neamh-inbhuanaithe ar amhábhair bithmhaise agus ba cheart iad a dhéanamh i gcomhréir le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise agus ba cheart iad tuairisciú trédhearcach a sholáthar ar an gcineál bithmhaise a ídítear leis an ngníomhaíocht.
- (9) Le gníomhaíochtaí BithGSC arb é is príomhchuspóir dóibh teas nó leictreachas a tháirgeadh ó dhóchán bithmhaise, ba cheart a léiriú nár tháinig méadú ar acmhainneacht ídithe bithmhaise na saoráide níos mó ná an méid is gá chun fuinneamh a sholáthar chun astaíochtaí bithghineacha CO₂ a ghabháil.
- (10) Gníomhaíochtaí ACBG inarb é bhithghualach príomhtháirge na gníomhaíochta, arb é 50 % nó níos mó d'aschuir fuinnimh iomlán na gcomhtháirgí i gceist leis, ní féidir leo ach bunábhair a thagann ó dhramhaíl nó ó iarmhar a úsáid, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (23) agus (43), faoi seach, de Threoir (AE) 2018/2001, chun bhithghualach a tháirgeadh.
- (11) An méadú ar thomhaltas bithmhaise is gá chun teas nó leictreachas ar an láthair a sholáthar a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí DGSCA nó BithGSC, nó chun bhithghualach a tháirgeadh i ngníomhaíochtaí ACBG, i gcás ina bhfuil sé teoranta do dhramhaíl agus do bhithmhais iarmharach, nó i gcás ina bhfuil sé comhsheasmhach le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise agus nach mbeidh díláithriú úsáidí bithmhaise atá ann cheana, ná brú méadaithe ar thalamh mar thoradh air, ní mheastar go mbeidh baint ag an méadú sin le hastaíochtaí móra maidir le hathruithe indíreacha ar an talamhúsáid. Faoi láthair, ní sholáthraítear teas ná leictreachas ar an láthair in aon mhéid mór trí bhithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise atá bunaithe ar bharrá bia agus beatha a ídiú, agus meastar nach dócha go n-athróidh sé sin tar éis éifeacht dreasachta Rialachán (AE) 2024/3012. Dá bhrí sin, ní mheastar go ndéanfaidh aon astaíocht a bhaineann le hathrú indíreach ar an talamhúsáid difear mór do

chainníochtú an ghlantairbhe aistrithe carbóin le haghaidh ghníomhaíochtaí DGSCA, BithGSC agus ACBG.

- (12) Chun feabhas a chur ar an trédhearcacht agus dea-chleachtas a aithint maidir le foinsiú bunábhar bithmhaise, ba cheart d'oibreoirí ghníomhaíochtaí DGSCA, BithGSC agus ACBG tuairisciú ar na bunábhair bhithmhaise a ídítear lena ngníomhaíochtaí. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur san áireamh sa mheasúnú ar an gcaoi a bhféadfadh gníomhaíochtaí buanaistrithe carbóin difear a dhéanamh d'éiceachórais, ar infhaighteacht bunábhar le haghaidh earnálacha eile, agus ar an riosca go ndéanfaí bunábhair a fhoinsiú taobh amuigh den infhaighteacht áitiúil i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar na modheolaíochtaí deimhniúcháin agus chun críocha na leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu.
- (13) Chun sláinte ithreach a chaomhnú, tá sé tábhachtach a mheabhú go bhfuil bithghualach a tháirgtear trí ghníomhaíochtaí ACBG le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹, Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰, Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹, agus Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², agus Treoir (AE) [2025/2360] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ a chomhlíonadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'CO₂ atmaisféarach' CO₂ atá measctha go maith san atmaisféar saor ag teocht chomhthimpeallach, mar nach ndéanann poncfhoinsí áitiúla difear don tiúchan CO₂ ach go bhféadfadh sé a bheith éagsúil mar gheall ar fhoinsí réigiúnacha astaíochtaí antrapaigineacha agus nádúrtha;
- (2) ciallaíonn 'bithghualach' ábhar carbónúil a tháirgtear trí chóireáil theirmeach a dhéanamh ar bhithmhais nó ar bhreoslaí bithmhaise;

⁹ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj>).

¹⁰ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj>).

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1069/oj>).

¹² Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailléain orgánacha mharthanacha (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE.) PE/61/2019/REV/1 (IO L 169, 25.6.2019, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj>).

¹³ Treoir (AE) 2025/2360 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Samhain 2025 maidir le faireachán ithreach agus athléimneacht ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) (IO L, 2025/2360, 26.11.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2025/2360/oj>).

- (3) ciallaíonn ‘gníomhaíocht aistrithe carbóin bithghualaigh’ nó ‘gníomhaíocht ACBG’ gníomhaíocht as a n-eascaíonn táirgeadh agus stóráil bhuan bhithghualaigh trína chur ar ithreacha nó trína ionchorprú in ábhair;
- (4) ciallaíonn ‘gníomhaíocht gabhála agus stórála carbóin ó astaíochtaí bithghineacha’ nó ‘gníomhaíocht BithGSC’ gníomhaíocht arb é is toradh uirthi próiseas chun CO₂ bithghineach a ghabháil, agus ina dhiaidh sin an CO₂ bithghineach sin a iompar agus a stóráil go buan trína instealladh ag láithreán stórála geolaíoch a bhfuil cead bailí ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2009/31/CE;
- (5) ciallaíonn ‘CO₂ bithghineach’ CO₂ a tháirgtear ó fhoínse bhithmhaise, bhithbhreosla, bhithleachta nó breosla bithmhaise trí phróiseas ceimiceach nó bitheolaíoch a ghníomhaíonn ar na hadaimh charbóin ann, lena n-áirítear dóchán, ocsaídiú, díleá anaeróbach agus coipeadh;
- (6) ciallaíonn ‘gníomhaíocht dírgabhála agus stórála carbóin ón aer’ nó ‘gníomhaíocht DGSCA’ gníomhaíocht arb é is toradh uirthi próiseas lena ngabhtar CO₂ atmaisféarach ó aer comhthimpeallach, agus ina dhiaidh sin an CO₂ atmaisféarach sin a iompar agus a stóráil go buan trína instealladh ag láithreán stórála geolaíoch a bhfuil cead bailí ann ina leith i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir 2009/31/CE.

Airteagal 2

Modheolaíocht deimhniúcháin le haghaidh buanaistrithe carbóin arna nginiúint trí ghníomhaíochtaí gabhála agus stórála carbóin ón aer

1. Le gníomhaíocht DGSCA comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:
 - (a) na critéir incháilitheachta a leagtar síos i Roinn 1.1.1 den Iarscríbhinn;
 - (b) na tréimhsí gníomhaíochta agus faireacháin a leagtar síos i Ranna 1.2.1.1 agus 1.2.1.2 den Iarscríbhinn;
 - (c) na rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí GCT a leagtar síos i Roinn 2.1.1 den Iarscríbhinn a shaináithint;
 - (d) na rialacha maidir leis an mbonnlíne a leagtar síos i Roinn 2.1.2 den Iarscríbhinn a ríomh;
 - (e) na rialacha maidir leis na haistrithe carbóin iomlána a ríomh, a leagtar síos i Roinn 2.1.3 den Iarscríbhinn;
 - (f) na rialacha maidir leis an ngás ceaptha teasa lena mbaineann a ríomh, a leagtar síos i Roinn 2.1.4 den Iarscríbhinn;
 - (g) na rialacha maidir le stóráil fhadtéarmach agus dliteanas, a leagtar síos i Roinn 3.1 den Iarscríbhinn;
 - (h) na rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a leagtar síos i Roinn 4.1 den Iarscríbhinn;
 - (i) na rialacha maidir leis na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe a leagtar síos i Roinn 1.3.2 agus i Roinn 1.3.3 den Iarscríbhinn.
2. Áiritheoidh oibreoir gníomhaíochta DGSCA go mbeidh an tsaoráid lena ngabhtar CO₂ lonnaithe san Aontas.

Airteagal 3

Modheolaíocht deimhniúcháin le haghaidh buanaistrithe carbóin arna nginiúint ag gníomhaíochtaí gabhála agus stórála carbóin ó astaíochtaí bithghineacha

1. Le gníomhaíocht BithGSC comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:
 - (a) na critéir incháilitheachta a leagtar síos i Roinn 1.1.1 den Iarscríbhinn;
 - (b) na tréimhsí gníomhaíochta agus faireacháin a leagtar síos i Roinn 1.2.1 den Iarscríbhinn;
 - (c) na rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí GCT a leagtar síos i Roinn 2.1.1 den Iarscríbhinn a shaináithint;
 - (d) na rialacha maidir leis an mbonnlíne a leagtar síos i Roinn 2.1.2 den Iarscríbhinn a ríomh;
 - (e) na rialacha maidir leis na haistrithe carbóin iomlána a ríomh, a leagtar síos i Roinn 2.1.3 den Iarscríbhinn;
 - (f) na rialacha maidir leis an ngás ceaptha teasa bainteach a ríomh, a leagtar síos i Roinn 2.1.4 den Iarscríbhinn;
 - (g) na rialacha maidir le stóráil fhadtéarmach agus dliteanas a leagtar síos i Roinn 3.1 den Iarscríbhinn;
 - (h) na rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a leagtar síos i Roinn 4.1 den Iarscríbhinn;
 - (i) na rialacha maidir le ceanglais faireacháin agus tuairiscithe a leagtar síos i Ranna 1.3.2 agus 1.3.3 den Iarscríbhinn.
2. Ginfear an CO₂ bithghineach a ghabhtar i ngníomhaíocht BithGSC mar sheachtháirge de phróisis táirgthe earraí, fuinnimh agus seirbhísí agus ní ghinfidh sé CO₂ bithghineach ó bhithmhais, bithbhreosla, bithleacht nó breosla bithmhaise chun críche gabhála agus stórála agus chun na críche sin amháin.
3. Áiríteoidh oibreoir gníomhaíochta BithGSC go bhfuil an tsaoráid lena ngabhtar an CO₂ lonnaithe san Aontas.

Airteagal 4

Modheolaíocht deimhniúcháin le haghaidh buanaistrithe carbóin a ghintear le gníomhaíochtaí aistrithe carbóin bithghualaigh

1. Le gníomhaíocht ACBG comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:
 - (a) na critéir incháilitheachta a leagtar síos i Roinn 1.1.2 den Iarscríbhinn;
 - (b) na tréimhsí gníomhaíochta agus faireacháin a leagtar síos i Roinn 1.2.2 den Iarscríbhinn;
 - (c) na rialacha maidir leis na linnte aistrithe carbóin agus na foinsí astaíochtaí GCT a leagtar síos i Roinn 2.2.1 den Iarscríbhinn a shaináithint;
 - (d) na rialacha maidir leis an mbonnlíne a leagtar síos i Roinn 2.2.2 den Iarscríbhinn a ríomh;
 - (e) na rialacha maidir leis na haistrithe carbóin iomlána a ríomh, a leagtar síos i Roinn 2.2.3 den Iarscríbhinn;

- (f) na rialacha maidir leis an ngás ceaptha teasa bainteach a ríomh, a leagtar síos i Roinn 2.2.4 den Iarscríbhinn;
 - (g) na rialacha maidir le stóráil fhadtéarmach agus dliteanas a leagtar síos i Roinn 3.2 den Iarscríbhinn;
 - (h) na rialacha maidir leis na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a leagtar síos i Roinn 4.1 den Iarscríbhinn;
 - (i) na rialacha maidir le ceanglais faireacháin agus tuairiscithe a leagtar síos i Ranna 1.3.2 agus 1.3.3 den Iarscríbhinn.
2. Áiritheofar le gníomhaíocht ACBG go bhfuil an tsaoráid táirgthe bithghualaigh agus an suíomh stórála don bhithghualach lonnaithe san Aontas.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3.2.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN